# Feilm in Éirinn Fadó

Go minic feiceann muid an focal Ráṫ nó lios in áit-ainm - Ráṫ Éanna, Ráṫ Ṁór, Ráṫ Luirc 7rl agus Lios Tuaṫail, Lisín na hEilte, Lios Mór, Lios na Sgeiċe féin. Ciallaíonn an dá ḟocal seo an rud céanna. Sé an ḟeilm é a ḃíoḋ in Éirinn fadó. Agus cé ċoṁ fada siar a ṫéann fadó? Téann sé siar roiṁ aimsir Ċríost agus lean an saġas feilme seo ar aġaiḋ go dtí tuairim míle bliain ó ṡoin in Éirinn. Séard a ḃí sa Ráṫ nó lios, píosa ciorcalaċ talún agus móta timpeall air. Ḃí cuid de na Ráṫanna beag go maiṫ, tuairim 50 troiġ treasna agus ḃí cuid acu mór go maiṫ, suas le 200 troiġ. Toġaḋ an píosa talún go minic mar ḃí sé níos airde ná an talaṁ timpeall air. Gearraḋ trinnse timpeall ar an bpíosa talún, agus rinne an stuf a ḃí ann an móta. Ḃí cuid de na mótaí seo an-ṁór agus láidir agus tugtar dún, caiseal nó caṫair ar a leiṫéid. (Dún Aongusa, Lios Dún Ḃearna, Caiseal Ṁuṁan). Tá somplaí ann in áiteaċa a raiḃ dó nó trí de ṁótaí.

Tá sé an-deacair a ḋéanaṁ amaċ anois cé ṁéad acu a ḃí in Éirinn mar tá go leor acu scriosta anois ag feilméirí, lucṫ bóṫar ag baint ainiṁ agus mar sin aċ tá idir 20,000 agus 30,000 acu le feiceáil fós.

Taoḃ istiġ sa Ráṫ ḃí an feilméir ina ċónaí agus ḃíoḋ a ċlann ann freisin agus a ċuid beiṫíoċ san oíċe. I gcuid acu freisin tá cruṫú go raiḃ stáblaí aige ann. Ḃí a ṫeaċ déanta de ċloċa, adṁad agus póid.

Tá fios againn ó ḋliṫe na mBreiṫiún faoina beiṫiġ, uirlisí 7rl a ḃíoḋ ag an ḃfeilméir láidir. Ḃíoḋ 20 bó, 2 ṫarḃ, 2 ċráin, 20 caora, muca, caiple, madraí, aige. Níl ḟios agam cá raiḃ muintir na háite seo le dá ḃó agus asal! Ḃíoḋ dá ṡaġas céaċta ann, ceann trom agus ceann éadrom. Agus ar ndóiġ ḃí an lái acu freisin. Imeasc na mbarraí a cuireaḋ ḃí cruiṫneaċt, coirce, eorna, seagal, líon, brassica, (as seo ċeapainn a ṫáinig an focal "praiseaċ" anois), meacain, ciniúin, gáirleog, agus plandaí daṫa.

Ḃí corrán aige agus rud suimiúil faoi, ḃain sé an coirce, eorna 7rl ċuas in aice leis an ngrán. Is cosúil naċ raiḃ aon ṁeas ar an tuí le tuíadóireaċt. Níl aon ċruṫú ann go raiḃ speal acu. M'anam muise go ḃfuil dul ċun cinn déanta againn ó ṡoin cé go ḃfuil an corrán beo fós. Ḃuaileaḋ an coirce le súiste.

Déanaḋ roinnt ṁaiṫ curadóireaċta aċ ḃí níos mó measa ar beiṫíġ. D'ḟágtaí na beiṫíġ seasc amuiġ ar feaḋ na bliana. Ḋeaṁan mórán aoiliġ a ḃí acu ċeapainn. Ní mé céard a rinne muintir Co. na Ṁiḋe le haġaiḋ feamainne. Is minic a d'ionnsaíoḋ clann aṁáin clann eile agus ġoididís cuid dena beiṫíġ uaṫa. Le fás na mainistreaċ ḃí i ḃfad níos mó talaṁaíoċta dá ḋéanaṁ.

Coṁ fada le mo ḃarúil níl aon ċeann dena Ráṫanna nó na liosanna seo i gConamara (Gaḃ mo leiṫscéal, Lios na Sgeiċe). Aċ, a ḋuine ba dream ciallṁar iad na daoine sin agus ṫuig siad an scéal. Níl ḟios agam beirṫe ná beo céard a ṫug na daoine go Conamara. 'S dóiġ go ḃfuil an ceart ag an dream adéarfas gurḃ é Cromail breá a rinne an cleas. Níl a'inne anois le rá aċ go mb'ḟéidir gur feilméirí láidre a ḃí inár muintir fadó agus naċ ḃfuil an dream a ċuaiġ go Co. na Ṁiḋe agus Cill Dara aċ ag fáil a gcuid féin ar ais.

Ruaiḋrí Ṁáirtín Ṁóir.